

# GAELSCOIL SHLIABH RUA

## Polasaí Mineastráil Leighis



### Réamhrá:

Tá an polasaí seo i bhfeidhm sa scoil ó bunaíodh í i 2013. Rineadh an polasaí seo a athbhreithniú le déanaí trí phróiseas comhoibríoch idir múinteoirí, foireann na scoile agus an Bord Bainistíochta. Baineadh úsáid as treoreacha an INTO, Managing Chronic Health Conditions in Schools (comhfhoilsiúchan ó Anaphalaxis Ireland, Asthma Society of Ireland, Brainwave agus Diabetes Federation of Ireland).

Dheimhnigh an Bord an polasaí seo an 2 Deireadh Fómhair 2017.

### Réasúnaíocht:

Is ar na cúiseanna seo a leanas a cuireadh an polasaí le chéile:

- cinntiú go gcothófar timpeallacht fháiltiúil dhearfach do na daltaí a bhfuil riocht sláinte ainsealach orthu
- Treoracha a thabhairt ar riochtanna sláinte ainsealacha a bhainistiú sa scoil
- Soiléiriú a thabhairt ar cé orthu a thiteann an fhreagracht leigheas a thabhairt do pháiste ar scoil i gcás riochtanna sláinte ainsealacha agus i gcás miontinneas.
- Soiléiriú a thabhairt ar na hócáidí nár chóir leigheas a thabhairt
- Foireann scoile atá toilteanach leigheas a thabhairt a shlanú ar aon dlíthíocht a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar mhineastráil aon leigheas

### Gaol le héiteas na scoile:

Cuirtear dea-theagmháil idir scoil agus baile chun cinn i gcónaí, ní hamháin maidir le leas na bpáistí ach maidir le gach gné de shaol na scoile. Tugtar soiléiriú sa pholasaí seo maidir le mineastráil leighis ag teacht le héiteas na scoile trí thimpeallacht scoile shlán, shábhailte, chineálta a chruthú agus trí nascanna idir an scoil agus an baile a chothú.

### Aidhmeanna an pholasaí:

Is féidir aidhmeanna agus cuspóirí an pholasaí a achoimriú mar seo:

- baol do shláinte dhaltaí agus fhoireann na scoile a laghdú

- Riachtanais Sláinte agus Sábhailteachta an Bhoird a chomhlíonadh.
- Creatlach a chruthú faoinar féidir leigheas a thabhairt do dhaltá
  - i) i gcás riochtanna sláinte ainsealacha
  - ii) i gcás miontinneas agus
  - ii) i gcás éigeandála

### **Nósanna Imeachta in-scoile:**

- Ní mór do thuismitheoirí sonraí aon riocht sláinte atá ar a pháiste a thabhairt don scoil ar an bhFoirm Iontrála F2 agus an Foirm Toilithe, cuir i gcás asma, diaibéitis, titimeas, anaifiolacas, ailléirge.
- Coimeádtar an t-eolas faoi riachtanais sláinte dhaltá na scoile san oifig agus ní mór an t-eolas sin a scaipeadh ar aon mhúinteoir ionaid.
- Mar aon leis an eolas sin coimeádtar liosta uimhreacha gutháin éigeandála gach tuismitheora
- Tá dualgas proifisiúnta ar mhúinteoirí sláinte agus sábháilteacht gach dalta a chosaint fad is atá na daltaí ar scoil nó ag glacadh páirt in imeachtaí scoile lasmuigh den scoil. Ní hionann é sin agus a rá go bhfuil dualgas pearsanta ar mhúinteoirí leigheas a thabhairt do dhaltá.
- Ní cheadófar iachall a chur ar aon bhall foirne leigheas a thabhairt d'aon dalta. Má thóileann ball foirne leigheas a thabhairt déantar é de réir theoracha an pholasáí seo agus de réir na dtreoracha sin amháin.
- Ní thabharfar leigheas d'aon pháiste ach leigheas atá ar oideas dochtúra. Ní thabharfar leigheas gan oideas dochtúra i gcás ar bith ná ní choimeádtar a leithéid sa scoil.
- Moltar i gcónaí go ndéanfar socruithe chun leigheas a thabhairt taobh amuigh d'am scoile. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh ní mór litir i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir ranga ag iarraidh go dtabharfar leigheas don pháiste.
- Ní thabharfar leigheas do dhaltá ar scoil ach amháin sa chás ina bhfuil an múinteoir sásta an leigheas a thabhairt de réir na dtreoracha a fhaightear ó na thuismitheoirí (am, méid, más gá an leigheas a choimeád sa chuisneoir srl). Ní choimeádtar buidéal ghloine i málaí scoile. Coimeádtar leigheas i gcófra faoi ghlas sa seomra ranga ar discríd an mhúinteora, nó sa chuisneoir más gá. Coimeádtar leigheas san oifig mura bhfuil an múinteoir sásta go bhfuil áit shábáilte dó sa seomra ranga.
- Moltar féin-mhineastráil leighis ar scoil más féidir faoi fheitheoireacht duine fásta freagrach a thabharfadh an cúram céanna is a thabhrfadh tuismitheoir stuama.
- Glactar le litir thuismitheora mar shlánaíocht d'aon bhall foirne ar dhochar d'aon sahgas a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar leigheas a thabhairt dá pháiste.

## Riochtanna Sláinte Ainsealacha

Sa chás ina bhfuil riocht sláinte ainsealach ar dhalta (eg, asma, diaibéitis, titimeas, anaifiolacas, ailléirge) ní mór do thuismitheoirí an pháiste sin socruithe cearta sothuigte maidir le mineastráil a leighis a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta. Is ar na thuismitheoirí atá an dualgas maidir leis an t-eolas sin a thabhairt don Bhord. Ní mór treoracha soiléire maidir le féin-mhineastráil, mineastráil faoi chúram thuismitheora nó mineastráil ag ball foirne a bheith san áireamh.

Mar aon le sin, ní mór do na thuismitheoirí múinteoir ranga a pháiste a chur ar an eolas maidir leis an riocht sláinte freisin. Ba cheart go mbeidh na múinteoirí ar an eolas faoi chomharthaí an reachta agus go luaitear aon rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis do thaom asma, taom titimis, hipiglicéime, frithghníomhú ailléirgeach nó turraing anaifiolachtach srl.

Coimeádtar anáilóirí asma i seilbh an dalta. **Ní choimeádtar buidéal ghloine i málaí. Ní mór ainm an dalta mar aon le treoracha úsáide a bheith ar gach uirlis leighis.**

Riochtanna atá bagrach don bheatha – cásanna éigeandála

Sa chás a bhfuil riocht sláinte ar aon pháiste atá bagrach don bheatha, ní mór do thuismitheoirí treoracha scríofa a thabhairt ar cad ba chóir a dhéanamh i gcás éigeandála. Ní mór tagairt ar leith a thabhairt do na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith baolach dá pháiste. Más gá leigheas éigeandála a thabhairt do pháiste ní mór do thuismitheoirí an pháiste an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi seo. Ní mór freisin litir shlánaíochta a shíniú maidir le haon dhliteanas a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar mhineastráil an leighis éigeandála sin.

### Treoracha maidir le mineastráil leighis

1. Cuireann thuismitheoirí aon dalta a bhfuil riachtanais sláinte speisialta orthu litir chuig Bord Bainistíochta na scoile. Tugtar an t-eolas seo a leanas sa litir:
  - i) sonraí an reachta,
  - ii) nósanna imeachta maidir le mineastráil an leighis a bhaineann leis
2. Iarrann na thuismitheoirí cead ón mBord Bainistíochta mineastráil an leighis sin ar scoil
3. Má chheadaítear mineastráil an leighis tugann an thuismitheoir an leigheas ar scoil.
4. Coimeádann an ball foirne a thugann an leigheas taifead den leigheas a thugtar – méid, am, srl
5. Tá an dualgas ar thuismitheoirí cinntiú go dtugtar an leigheas éigeandála ar scoil agus go n-athlántar é nuair is gá
6. Ní mór sonraí beachta a thabhairt ar conas a úsáidítear leigheas éigeandála
7. Ní mór don Bhord Bainistíochta comhlacht árachais na scoile a chur ar an eolas faoi na cásanna seo
8. Ní mór litir shlánaíochta a shíniú maidir le haon dhliteanas a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar mhineastráil an leighis éigeandála sin.

9. Coimeádtar comhfhreagras a bhaineann le cásann seo sa scoil.

### **Cásanna éigeandála**

I gcás éigeandála níor chóir do mhúinteoirí níos mó ná mar is gá nó mar is cuí a dhéanamh chun pian as cuimse a mhaolú nó chun dochar doleigheasta a sheacaint. Cuirfear cóir leigheas ar an bpáiste i gcás éigeandála chomh luath agus is féidir. I gcás nuair nach bhfuil leigheas garchabhrach ar fáil agus má tá cóir leighis ag teastáil ón bpáiste, tógfaidh an ball foirne ainmnithe an páiste go dtí an Roinn Timpiste agus Éigeandála gan mhoill. Déantar teagmháil le tuismitheoirí an pháiste ag an am céanna.

### **Boscaí Garchabhracha**

Tugtar fearas iomlán garchabhrach leis na páistí nuair atá siad ag glacadh páirt in aon imeacht scoile mar cluichí spóirt, turais nó mar sin de. Tá an fearas iomlán ar fáil i seomra na múinteoirí. Ní mór d'aon mhúinteoir ranga cinntiú go dtabharfar aon leigheas éigeandála d'aon pháiste ina ranga leo ar aon turas scoile. Cinnteoidh siad go gcuirtear ar ais san oifig/sa seomra ranga é i ndiaidh aon turais.

### **Moltaí ginearálta**

Moltar do thuismitheoirí do pháiste a choimeád sa bhaile má tá comharthaí tinnis air. Ní ghéillfear d'iarraitais chun páistí a choimeád sa seomra ranga ag am lóin. Má tá an dalta chomh tinn nach féidir leo súgradh níor cheart dóibh bheith ar scoil.

### **Cúraimí agus freagrachtaí**

Tá an fhreagracht iomlán ar an mBord Bainistíochta as an bPolasaí Mineastráil Leighis a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. Ó lá go lé is é an Príomhoide, le cabhair ó na baill foirne, a bhainistíonn na nósanna imeachta a luaitear sa pholasaí seo. Is í an Príomhoide Tánaisteach an t-Oifigeach Sábháilteachta agus tá titeann cúram na mBoscaí Garchabhracha faoi bhall den fhoireann bainistíochta in-scoile.

### **Critéir Ráthúlachta**

Is féidir éifeachtacht an pholasaí seo mar atá a mheas leis na critéir seo:

- Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta comhlíonta
- Timpeallacht shábháilte chineálta a chaomhnú do na daltaí
- Aiseolas dearfach ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí
- Féachaint chuige go bhfanann an príomhfhreagracht as leigheas a thabhairt leis na tuismitheoirí



## Gortú Cloigeann – Minor head Injury

Gortaíodh cloigeann do pháiste \_\_\_\_\_ ar scoil inniu

Your Child \_\_\_\_\_ had a minor head injury in school today

Am / Time: \_\_\_\_\_ Áit an Timpiste / Accident place: \_\_\_\_\_

Sonraí an Timpiste/Brief description of accident: \_\_\_\_\_

---

---

---

---

Má tá tú buartha faoi do pháiste, dean teagmháil leis an dochtúr clainne nó téigh chuig an Aonad Timpistí agus Éigeandála

If you have any concerns about your child please contact your GP or the Accident and Emergency Department

The following Information may assist the GP in making his/her assessment of your child:

- Was the child noticed behaving in an unusual way before the injury? YES/NO
- If they fell, how far did they fall? \_\_\_\_\_
- What did they hit their head against? \_\_\_\_\_
- Did the child lose consciousness? YES/NO
- How did they appear afterwards? \_\_\_\_\_
- Did they vomit afterwards? YES/NO
- Was the child observed to have any other problem after the injury?  
YES/NO \_\_\_\_\_

Síniú Múinteoir Ranga: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_



## Mineastráil Leighis

Ainm an Páiste : \_\_\_\_\_ Rang: \_\_\_\_\_

leigheas atá ar oideas dochtúra : \_\_\_\_\_

*socruithe cearta sothuigte maidir le mineastráil a leighis*

Socruithe, .mineastráil & stóráil: \_\_\_\_\_

---

---

---

*Tugaim cead / Iarram ar Mhúinteoir scoile mhineastráil leighis a dhéanamh ar mo pháiste agus tugaim shlánaíochta maidir le haon dhliteanas a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar mhineastráil an leighis éigeandála sin*

Sínithe \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

### Riochtanna Sláinte Ainsealacha

**Sonraí don Mhúinteoir** - comharthaí an reachta / aon rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis do thaom asma, taom titimis, hipiglicéime, frithghníomhú ailléirgeach nó turraing anaifíolachtach srl.

---

---

---

Sa chás ina bhfuil **riocht sláinte ainsealach ar dhalta** (eg, asma, diaibéitis, titimeas, anaifíolacas, ailléirge) ní mór do thuismitheoirí an pháiste sin socruithe cearta sothuigte maidir le mineastráil a leighis a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta. Is ar na thuismitheoirí atá an dualgas maidir leis an t-eolas sin a thabhairt don Bhord. Ní mór treoracha soiléire maidir le féin-mhineastráil, mineastráil faoi chúram tuismitheora nó mineastráil ag ball foirne a bheith san áireamh.

Sa chás a bhfuil **riocht sláinte ar aon pháiste atá bagrach don bheatha**, ní mór do thuismitheoirí treoracha scríofa a thabhairt ar cad ba chóir a dhéanamh i gcás éigeandála. Ní mór tagairt ar leith a thabhairt do na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith baolach dá pháiste. Más gá leigheas éigeandála a thabhairt do pháiste ní mór do thuismitheoirí an pháiste an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi seo.

Ní mór freisin **litir shlánaíochta** a shíniú maidir le haon dhliteanas a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar mhineastráil an leighis éigeandála sin

*Coimeádtar comhfhreagras a bhaineann le cásann seo sa scoil*



## **Mhineastráil Leighis – Loga**

Ainm: \_\_\_\_\_ Rang: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_ ám mhineastráil: \_\_\_\_\_

Méid \_\_\_\_\_

Déannta ag: \_\_\_\_\_

*Tá an dualgas ar thuismitheoirí cinntiú go dtugtar an leigheas éigeandala ar scoil agus go n-athlíohtar é nuair is gá*